

Féile na gCloch Inis Oírr 2018

Déardaoín go
Domhnach
an 13 go 16
Meán Fómhair,
2018

Inis Oírr,
Árainn,
Contae na Gaillimhe



Ceardlanna i dTógáil Ballaí Cloiche

Ceardlanna i Snoídóireacht Chloiche

Ceardlanna i Snoídóireacht Litreach

Sceitseáil ar an Láthair

discoverinisoirr.com



Inis Oírr

Inis Oírr, Árann oileán álainn san Atlantach ar a bhfuil pobal fadbhunaithe a bhíonn ag déanamh ceiliúradh de shíor ar a gcultúr ar leith ar bhealaí nua-aimseartha. Aithnítear sinn mar phobal a bhfuil spiorad croíúil, cairdiúil ag baint linn agus cuirimid fáilte roimh dhaoine a thagann thar oileán isteach. Is aoibhinn linn bheith i gcuideachta gach cuairteora.

Féile
na gCloch
Inis Oírr
2018

An Saol ar an Oileán

Oileán álainn faoi spéartha glé agus farraigi lonracha ina thimpeall. Meascán bríomhar den sean agus den nua, a shaibhrionn go brách na daoine a thugann cuairt orainn.

Saoirí atá oiriúnach do theaghlach

Tá an-tóir ar an trá bhán álainn ar an oileán le dul ag snámh agus ag siúl uirthi, le dul i mbun spórt uisce nó chun do scíth a ligean lá breá fada samhraidh.

Radharcanna agus Iontais Áille

Téigh ag siúl nó ag rothaíocht feadh na mbóithriní ciúine gleoite chun an t-iliomad iontas agus déantán ar an oileán aolchloiche carstaí seo a fheiceáil.

Lig do Scíth ar Inis Oírr

Is áit iontach é Inis Oírr le cuairt a thabhairt uirthi agus rogha breá lóistín le fáil ann: leaba & bricfeasta, óstáin, brúnna, seomraí tae áille, bialanna agus beáir.

Ceol, Ealaíona & Ceirdeanna Traidisiúnta

Tá plúr an cheoil thraidisiúnta, cúrsaí ealaíne agus ceardaíochta le fáil ar an oileán. Mealltar na céadta chuig Inis Oírr ag na seisiúin bríomhara rialta ceoil agus damhsa a bhíonn ar siúl ann.

Is furasta dul ann

Tá seirbhís farantóireachta ann gach lá ó Dhúlainn agus as Gaillimh. Is féidir Aillte an Mhothair, gar do Bhoirinn, a fheiceáil maith ón oileán.

discoverinisoirr.com



Teagascóirí

Tom Pollard - Teagascóir le Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann agus saor cloiche caomhantais

Eddie Farrelly - Teagascóir ballaí cloiche agus cleachtóir/taispeántóir traidisiúnta aoil as Co. an Chabháin

Kevin Carrigan Bríceadóir/Saor Cloiche a bhfuil taithí 34 bliana aige

Tom Little ~ Snoiódóir Litreach agus Cloiche, Corcaigh, Éire

Neil Dwyer ~ Saor Cloiche Snoiódóireachta/Snoiódóir Cloiche ~ An Muileann gCearr, Éire

Tracy Mahaffey ~ Dealbhóir & snoiódóir litreach, Rhodelsland, SAM

Alexandra Morosco ~ Dealbhóir, Seattle, Washington, SAM

Mario J. Tomasek - Innealtóir/Sár-phábhálaí, An Ostair

Eoin Madigan ~ Saor Cloiche agus cleachtóir aoil, Co. an Chláir

Beidh sceitseáil ar an láthair ar bun gach lá le ceannaire ainmnithe (seachas teagascóir) a bhfuil taithí aige nó aici ar sceitseáil.

Beidh roinnt teagascóirí ballaí cloiche a bhfuil taithí den scoth acu ar fáil chun teagasc a chur ar thosaitheoirí chomh maith.

Féile
na gCloch
Inis Oírr
2018

Cainteoirí

Neil Dwyer, An Muileann gCearr, Éire

Eoin Madigan, A Clár, Éire

Tracy Mahaffey, Rhode Island, Stáit Aontaithe Mheiriceá

Alexandra Morosco, Seattle, Washington, SAM

Jessica Peel-Yates agus **James Moore**, Baile Átha Cliath, Éire

Louise Price, Dún na nGall, Éire

Helmut Schieder, An Ostair

Mario J. Tomasek, An Ostair

Cé dó is ceart freastal?

Tógálaithe Ballaí Cloiche, Feirmeoirí, Úinéirí Maoine, Ailtirí, Tógálaithe, Ealaíontóirí, Ceardaithe, Seandálaithe, Foireann Údaráis Áitiúil, Rannpháirtithe Scéimeanna Sóisialta Tuaithe, Fostaithe ITB, Lucht na Staire Áitiúla, Pleanálaithe REPS/AEOS agus aon duine ar spéis leo tógáil ballaí cloiche, snoiódóireacht, litreoireacht agus sceitseáil.

Beidh **Richard Gough** as GoughTools ann i gcaitheamh an deiridh seachtaine agus rogha uirlisí do shnoiódóirí agus do shaoir chloiche á dhiol aige.

discoverinisoirr.com



Ceardlann

Ballai Cloiche a Thógáil

Dé hAoine an 14 Meán Fómhair (9.30am - 4pm)

Dé Sathairn an 15 Meán Fómhair (9am - 4pm)

Caint Thionscnaimh

le Eddie Farrelly, Tom Pollard agus Kevin Carrigan

Dé hAoine an 14 Meán Fómhair 9.00am ~ 9:30am in An Halla
'Principles and Techniques of Dry Stone Walling'

Sa cheardlann déanfar balla cloiche den chineál a bhaineann go huathúil le hOileáin Árann. Níl ballai cloiche mar atá in Árann le fáil in áit ar bith eile ar domhan. Beidh an cheardlann oiriúnach do lucht déanta ballai cloiche a bhfuil cleachtadh acu ar an obair agus daoine nach bhfuil ach ag tosú amach.

Fógra tábhachtach: Tá buataisí bairbin cruach agus lámhainní cosanta éigeantach. Tabhair leat éadaí oiriúnacha allamuigh, mar ní féidir brath ar an aimsir.

CLÁRAIGH DO
CHEARDLANN

A



3

Snoíodóireacht Chloiche

Le Alexandra Morosco agus Tracy Mahaffey

Dé hAoine an 14 Meán Fómhair (9.00am - 4.00pm)

Dé Sathairn an 15 Meán Fómhair (9.00am - 4.00pm)

Dé Domhnaigh an 16 Meán Fómhair (9.00am - 1.00pm)

Snoíodóireacht Chloiche: OILEÁN-SPREAGTHA

Cuireann Inis Oírr, láthair na féile, iontas agus riméad orainn uile, cibé an cuairteoirí céaduaire nó rannpháirtithe a thagann gach bliain sinn. Agus inspioráid faighte acu ó The Sketchers in 2017, tugann Tracy agus Alexandra cuireadh do rannpháirtithe snoíodóireachta 2018 dul ag siúl agus rud amháin a aimsiú, amhail sliogán, píosa feamainne, ní éigin a tháinig i dtír, bláth nó grianghraf d'ainmhí. Breathnófar ansin ar na bealaí is fearr le croí na nithe sin a chur in iúl i bhfoirm

dealbhóireachta. An fearr an sliogán a léiriú i bhfoirm rilife nó cruinne? Cén chaoi a bhféadfaimid scéal na háite speisialta seo a roinnt i dteanga na gcloch? Cruthófar grúpa níos comhtháite leis an gcleachtadh seo agus tabharfar deis do rannpháirtithe ar gach leibhéal rud éigin nua a fhoghlaim. Tá sé de rún againn am a chur ar leataobh le smaoineamh, roinnt agus sceitseáil. Moltar do rannpháirtithe snoíodóireachta teacht luath le beagán ama a chaitheamh leat féin chun tús a chur leis an obair,

ach níl sin éigeantach má tá tú gann ar am.

Níl sa cheardlann deiridh seachtaine snoíodóireachta cloiche ach bunchúrsa in úsáid uirlisí do thosaitheoirí, agus chun tús a chur le tionscadal do dhaoine ar gach leibhéal. Bíodh sé de rún ag rannpháirtithe a gcloch a thabhairt abhaile leo ag deireadh an chúrsa, nó socrú a dhéanamh le rannpháirtí eile, bíodh an tionscadal críochnaithe nó ná bíodh.

Uirlisí snoíodóireachta a mholtar a thabhairt nó a cheannach ar an láthair:

- Is le huirlisí láimhe a dhéanfar an saothar. Is fíorbheagán uirlisí leictreacha agus aeroibrithe ar fáil chun críocho taispeántais.
- Moltar do rannpháirtithe na nithe seo a leanas a thabhairt leo:
- Leabhar nótaí, pinn luaidhe, scriosán le haghaidh sceitseála agus nótaí
- Casúr 1 nó 1-1/2 lb.
- Biorrcairbide cruach nó tungstain.(1/2" nó 5/8")
- Dhá nó trí Shiséal Cothrom ar a laghad (molaimid cairbid thungstain, 1/4",1/2", 5/8")
- Dhá shiséal fiachlach ar a laghad (garbh/min)

Na rannpháirtithe féin a bheidh freagrach as a dtionscadal pearsanta féin a thabhairt leo i ndiaidh na ceardlainne. **Tabhair ar aird:** tá teorainneacha meáchain ag baint le málaí taistil agus beartáin ar eiltí le hAer Árann.

CLÁRAIGH DO
CHEARDLANN

B

Snoíodóireacht Litreacha

le Tom Little

Dé hAoine an 14 Meán Fómhair (9.00am - 4.00pm)

Dé Sathairn an 15 Meán Fómhair (9.00am - 4.00pm)

Dé Domhnaigh an 16 Meán Fómhair (9.00am - 1.00pm)

Do Lorg a Fhágáil

le Tom Little

DO LORG A FHÁGÁIL chun cúrsa an tsaoil a thaifeadh, a chomóradh agus a cheiliúradh - sin ceann de na héachtaí is luaithe agus is buaine ag an gcine daonna. Is rud é a bhaineann go sainsiúil leis an duine.

Tugann an cheardlann cuireadh duit do lorg a fhágáil trí iniúchadh a dhéanamh ar mheán an chrutha litreach snoite. Ag an tús tabharfar treoir duit maidir leis na gnéithe bunúsacha a bhaineann le tarraingt cruthanna litreach, dearadh leagan amach, ullmhú dromchla, teicnící gearrtha litreacha, agus úsáid agus cúram siséal. Moltar duit tionscadal beag a bheith ar intinn agat sula dtagann tú chuig an gceardlann ach nil sé sin

riachtanach. Is minic go mbaintear na torthaí is fearr amach nuair a bhíonn sprioc ar leith ar intinn agat. Mar shampla, roghnaigh focal nó ainm a bhfuil brí ar leith ag baint leis duitse.

Tá an cheardlann oiriúnach do rannpháirtithe nach bhfuil taithí acu agus do dhaoine a bhfuil roinnt taithí acu. Cibé an bhfuil tú ag baint triail as don chéad uair nó go bhfuil spreagadh ag teastáil uait chun do scileanna a fhorbairt, is í seo an áit le bheith. Cibé cén pointe tosaigh atá agat, díreofar ar do lorg a fhágáil.

Cuirfear tús leis an gceardlann le taispeántas sleamhnán gearr ina mbeidh roinnt samplaí de shnoíodóireacht chloiche ón saol inné agus inniu. Táthar ag súil go dtabharfaidh an deireadh seachtaine spreagadh duit tuilleadh staidéir a dhéanamh agus taithí a fháil sa cheird bhuan seo.

LE TABHAIRT LEAT

- Buataisí sábháilteachta
- Tabhair leat bloc páipéir líniúchta A3, peann luaidhe 4H, scriosán, bioraitheoir, rialóir.
- Cuirfear spéaclaí sábháilteachta, spéaclaí cosanta agus lámhainní cosanta ar fáil agus beidh siad éigeantach.

Uirlisí

- Siséil litreoirachta Guillet Europ4mm, 6mm, 8mm agus 10mm
- Casúr dumaí 600gmm.
- Cloch
- Beidh raon cineálacha agus méideanna cloch ar fáil gan aon chostas breise.

CLÁRAIGH DO
CHEARDLANN

C



Sceitseáil ar an Láthair Ag cur eolas ar Inis Oírr

CLÁRAIGH DO
CHEARDLANN

D

Déardaoín an 13 Meán Fómhair

3pm ~ 5pm

Má bhíonn tú ar an oileán luath, beidh seisiún sceitseála breise ann. Áit tionóil ~ an cuan.

Dé hAoine an 14 Meán Fómhair

10am - 4pm

Sceitseáil ar an láthair in éineacht le do ghrúpa ag suíomhanna éagsúla, ina measc Bád Briste an Plassey, Caisleán Uí Bhriain, an teach solais, fothracha séipéil atá leathchurtha, an cuan, locha agus tránna, garraithe aolchloiche, ballaí cloiche, spéartha iontacha agus farraigi drámatúla.

Dé Sathairn an 15 Meán Fómhair

10am - 4pm

10am-2pm - Sceitseáil ar an láthair in éineacht le do ghrúpa ag suíomhanna ar fud an oileáin mar atá luaite thuas.

2pm - 4pm - Bí páirteach i sceitseáil ar an láthair de bhallaí cloiche - beidh duaiseanna do na sceitsí is allabhraí.

Dé Domhnaigh an 16 Meán Fómhair

10am - 1pm

Sceitseáil ar an láthair in éineacht le do ghrúpa ag suíomhanna ar fud an oileáin mar atá luaite thuas.

Caith trí lá ag cur eolas ar Inis Oírr trí bheith ag sceitseáil. Cláraigh radhairc áille an oileáin is lú de thrí oileán Árann chomh maith leis an gcultúr i do leabhar ealaíontóra. Bain taitneamh as an oileán trí líníochtaí a dhéanamh de na caisleáin, longa báite, séipéil, muirdhreacha agus de na ballaí cloiche a bhfuil clú orthu.

- Cuirfidh tú eolas ar áilleacht gharbh na seoide seo san Atlantach agus tú ag sceitseáil ar an láthair. Bain sult as an gcomrádaíocht chruthaitheach agus bí páirteach sa taispeántas den obair a bheidh déanta ar an deireadh seachtaine.
- Tá an deireadh seachtaine fada seo dírithe ar an sceitseálaí féinspreagtha a dteastaíonn uaidh a bheith i gcuideachta daoine eile agus é ag déanamh líníochtaí ar an láthair i dtírdhreach ársa. Cuirfear fáilte roimh dhaoine a bhfuil chuile chineál taithí acu.
- Bí páirteach i sceitseáil ar an láthair chun cruthú bhalla cloiche a thaifeadadh.

- Léachtaí tráthnóna Déardaoín, Dé hAoine agus Dé Sathairn le saoir chloiche, snoíodóirí cloiche agus ealaíontóirí. Cuir le do thaithí agus le do thuiscint ar an oileán agus ar an bhféile.
- Tosóidh gach sceitseáil ar an láthair le ceardlann 30 nóiméad le nodanna agus inspioráid ó sceitseálaithe a bhfuil taithí acu. Tabharfar lón chugat gach lá.
- Fág an t-oileán seo le leabhar sceitsí lán de chuimhní cinn.

Le Tabhairt Leat

Leabhar sceitsí, pinn luaidhe, pinn, bioraitheoir, scriosán go cinnte. B'fhéidir leathanaigh scaoilte, uiscedhathanna, scuaba péinteála, tacas, pinn luaidhe daite, pastail ola, nó pé rud is fearr leat a úsáid le líníocht a dhéanamh.

Is imeacht faoin aer í seo. Is minic go mbíonn 4 shéasúr againn in aon lá amháin ó thaobh na haimsire de sa tír seo. Bí cinnte éadaí te, bróga láidre agus éadaí báistí a thabhairt leat. Tá trá álainn ar Inis Oírr, mar sin tabhair leat do chulaith snámha más mian leat dul amach san uisce.

6

Cainteanna & Taispeántais

Féile
na gCloch
Inis Oírr
2018

Is sa Halla a bheidh gach caint.
Tionólfar na taispeántais
an-ghar don Halla.

Cainteanna

Déardaoín An 13 Meán Fómhair

4.30pm ~ 5.00 pm

Fáilte chuig an oileán agus plé ar na ceardlanna,
sceitseáil ar an láthair agus gníomhaíochtaí eile a
bheidh ar bun ar an deireadh seachtaine

5.00pm ~ 6.00pm

'A Nation in Stone' - Súil ar shaothar Fhéile Cloiche Thír
Chonail: ó shéadchomharthaí go na mílte ballaí cloiche
~ Louise Price

6:00pm - 7:00pm

Landscapes and People ~ Helmut Schieder

Dé hAoine

An 14 Meán Fómhair

5pm ~ 6pm

'The Spirit of Place; The value of cultivating a deeper
understanding to the landscape in which we work, as
seen through a historic, poetic and artistic lens'
Tracy Mahaffey & Alexandra Morosco

6pm ~ 7pm

'An old craft in the change of time' - Mario J. Tomasek

Dé Sathairn

An 15 Meán Fómhair

5pm ~ 6pm

From Dublin to Inis Oírr: the art of the Zibaldone.
'Domhan a fhiosrú trí bhíthin leabhar nótaí an
ealaíontóra ~ Jessica & James

6pm ~ 7pm

'Talking Stone' Caint gan ullmhú ina seasfaidh suas
le seisear ón lucht féachana ar chloch a roghnófar go
speisialta agus labhróidh faoi ghné ar bith den chloch is
mian leo

Demonstrations

Dé Sathairn

An 15 Meán Fómhair

10am ~ 1pm

Taispeántas Pábhála
le Mario J Tomasek

Dé Domhnaigh

An 16 Meán Fómhair

10am ~ 1pm

Taispeántas agus caint ar aol te le hEoin Madigan

10am ~ 1pm

Taispeántas Pábhála
le Mario J Tomasek

Beathaisnéisí



Kevin Carrigan

Is briceadóir/saor cloiche é Kevin Carrigan a bhfuil taithí 34 bliana aige. D'oibrigh sé ar athchóiriú raon éagsúil tionscadal, lena n-áirítear foirgnimh reiligiúnacha agus mhíleata, droichid, garraithe daingne, foirgnimh feirme, teachiní, baoiseanna, srl. Nuair a thosaigh an athbheochan aoil, bhí sé i measc na chéad daoine a chuir tús leis an athúsáid. Níor úsáid sé ach beagáinín aoil ina shaothar ar dtús ach anois ní oibríonn sé ach le haol agus sin amháin.

Eddie Farrelly

Is saor cloiche traidisiúnta é Eddie Farrelly as Co. an Chabháin ó dhúchas ach a bhfuil cónaí air i mBaile Átha Cliath anois. Tá taithí fairsing aige ag obair le moirtéil aoil traidisiúnta, le moirtéil chré agus le ballaí dóibe. Spreag áilleacht na mballaí cloiche agus na bhfoirgneamh cloiche dea-chaomhnaithe a chonaic sé ar fheirmeacha le linn a óige an spéis mhór atá aige in oidhreacht chloiche na hÉireann a chur chun cinn, a chosaint agus a chaomhnú. Creideann sé gur chóir meas a bheith againn ar thraidisiúin dhúchasacha na saoirseachta cloch. Is foinse áthais faoi leith é scileanna na tógála cloiche traidisiúnta a mhúineadh, le gur féidir leanúint leis an gceird amach anseo. Deir sé gur fhoghlaim sé formhór a scileanna óna mheantóir spreagúil, an Sár-Shaor Cloiche agus Údar, Patrick McAfee. Is é Eddie an t-aon duine as Ulaidh ar bronnadh BSc i Scileanna Caomhantais Feidhmeacha air ó I.T. Phort Láirge agus tá Teastas Náisiúnta Ceardaíochta in Oibriú Miotail aige ó I.T. Bhaile Átha Cliath. Tá sé ina Stiúrthóir ar Chomhaontas nuabhunaithe Oibrithe Cloiche na hÉireann, ina chomhalta d'Fhóram Aolta Tógála Éireann agus de Chumann Ballaí Cloiche na hÉireann. Theagasc sé ag ceardlanna cloiche ar fud na hÉireann agus go hidirnáisiúnta agus baineann sé taitneamh as taispeántais a thabhairt le háith aoil sealadach a thógáil agus a lasadh chun aolchloch a réiteach le haghaidh aol beo traidisiúnta a dhéanamh.

Jessica & James

Is ealaíontóir breá é James Moore a bhfuil céim aige ó Scoil Ealaine agus Deartha, Luimneach. Tá Jessica Peel-Yates ag scríobh agus ag sceitseáil i leabhair nótaí ó bhí sí deich mbliana d'aois. Mar chuid de 'At it Again!' scríobh siad agus mhaisigh siad cúig treoirleabhair phóca bunaithe ar litríocht na Gaeilge. Samhlaigh iad sin mar leabhair nótaí a dhéanann iniúchadh ar shaothair aitheanta ag úsáid léarscáileanna, léaráidí, sleachta, scéalta agus gnéithe idirghníomhacha. Ghlac siad páirt le déanaí in Drawing on Joyce, imeacht liníochta beo agus taispeántas ag Féile Bloom i mBaile Átha Cliath. Chuaigh siad go dtí an Bhrasail do mhalartú ealaíne dar teideal 'Home, Home away from Home' le comhfhiontair ealaíne agus ceardlanna as ar

eascair taispeántais i Chapeco sa Bhrasail agus i mBaile Átha Cliath. Is beirt de bhunaitheoirí Dublin Sketchers iad Jessica & James, dream a chasann le chéile gach seachtain chun liníocht ar an láthair a dhéanamh i mBaile Átha Cliath. Faigheann James inspioráid ó scéalaíocht de gach uile chineál. Tá spéis aige san ealaín nádúraíoch agus sna deiseanna a thugtar le hiomháu léiritheach nó stílithe. Tá tionchar ag an gcultúr snagcheoil sráide a bhí i Nua Eabhrac sna 1920í ar Jessica, ag atmaisféar rithimiúil na tobchumadóireachta, agus ag meas ar rialacha agus iad a bhriseadh. Mar JesseJames, chaith siad mí mar ealaíontóirí cónaitheacha ar Inis Oírr in 2017.

Tracy Mahaffey

Tá Tracy Mahaffey ag úsáid máilléad agus siséal ó phioc sí suas den chéad uair iad i 1985. Cruthaíonn sí agus gabhann sí mothúcháin sa chloch. Tá Tracy ina cónaí i Rhode Island sna Stáit Aontaithe ó Fhómhar 2000, áit a bhfuil sí ag obair ina healaíontóir cuimhneacháin. Dearann sí leaca uaigne agus déanann sí iniúchadh ar shaol na ndaoine ag baint úsáide as litreoireacht, snoidóireacht rilife agus dealbhóireacht. Tá tionchar ag na scileanna seo a d'fhoghlaim sí agus a chleacht sí ar a saothar pearsanta agus ar an dearcadh atá aici ar an saol. Tá Tracy ag múineadh litreoireachta agus snoidóireacht rilife ar fud Mheiriceá Thuaidh le deich mbliana anuas. Is féidir a saothar a fhiosrú tuilleadh ar www.tracymahaffey.com.


Alexandra Morosco

Is dealbhóir as Meiriceá Alexandra Morosco a chónaíonn ar oileáin faoi fhórais lasmuigh de Seattle, SAM. Tá sí i mbun snoidóireachta go gairmiúil le 25 bliain agus riméad uirthi an gean atá aici don chloch agus a cuid eolais ar uirlisí a roinnt linn ar an ochtú turas go hInis Oírr aici. Diríonn sí ar shnoidóireacht shiombalach agus fhíorach, nó 'scéalaíocht trí mhodh na cloiche'.

Ó 2013 i leith, tá sí ag obair go príomha ar dhealbha cuimhneacháin neamh-thraidisiúnta, ag cuimsiú brón agus leighis dá cuid cliant trína próiseas oibre uathúil agus cruthaitheach. Chun tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar www.moroscofinearts.com.

Tom Little

Tá muintir Tom Little ag obair le cloch leis na glúnta. Bhí tionchar mór ag a athair, an saor cloiche Ted Little, agus ag an dealbhóir/ealaíontóir litreoireachta Michael Biggs air nuair a bhí sé ag éirí aníos. Is snoidóir, ealaíontóir litreoireachta, tógálaí ballaí cloiche, dearthóir táirgí agus oiliúnóir é a dhéanann iniúchadh ar na féidearthachtaí a bhaineann le hábhar agus cruth litreach.



Beathaisnéisí



Tá coimisiúin déanta ag Tom Little do chliant phoibli agus phriobháideacha agus bionn a chuid saothar ar taispeántas go forleathan. Tá réimse táirgí de phíosáí litreoireachta a bhfuil an-tóir orthu cruthaithe aige don Stiúideo WildGoose. Bhí sé ina mholtóir ceardaíochta sa Chomórtas Ceardaíochta bliantúil an RDS 2012-2014.

Ó 1992, tá cúrsaí deartha agus tugtha ag Tom Little i ngearradh cloch, snoidóireacht chloiche agus tógáil ballaí cloiche do Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí agus tá ag éirí go han-mhaith le roinnt de na mic léinn a chuaigh ar aghaidh le gairmeacha a bhaint amach in obair chloiche. Faoi láthair tá sé ag teagasc ar an gclár oiliúna printiseachta náisiúnta Gearrtha Cloch agus Saoirseachta Cloiche.

Pat McAfee

Is saor cloiche é Patrick McAfee (Baile Átha Cliath, Éire) agus údar na saothar 'Irish Stone Walls', 'Stone Buildings' agus 'Lime Works'. Bhí Patrick ina chomhalta de bhord Fhóram Aolta Tógála na hÉireann a bhain úsáid as moirtéal aoil measctha te, moirtéal cré, saoirseacht chloiche agus cloch shingil araon ar fud na hEorpa agus i Meiriceá Thuaidh. Tá baint ag Patrick le Féile na gCloch ó thosaigh sí in 2006.

Tom Pollard

D'fhoghlaim Tom Pollard le ballaí cloiche a dhéanamh ó Pat McAfee i gCaisleán Dhroimeanach, Baile Átha Cliath. Tá Tom ina chónaí anois i dTiobraid Árann agus is i mbun obair dheisiúcháin agus chothabhála ar fhoirgnimh agus ar bhallaí feirme traidisiúnta is mó a bhíonn sé, ag baint úsáide as moirtéal agus modhanna traidisiúnta.

Is teagascóir le Bord Oideachais agus Oiliúna é Tom (Tógáil Ballaí Cloiche Traidisiúnta), agus tugann sé taispeántais agus ceardlanna in Éirinn agus thar lear ar bhonn pearsanta. Oibríonn Tom go minic le moirtéal cré agus aoil agus é i mbun oibre ar fhoirgnimh nua, baoiseanna cloiche agus struchtúir shealadacha d'fhéilte ealaíon agus ceoil na hÉireann ag Electric Picnic agus BodyandSoul. Is é an dearcadh atá ag Tom maidir le hobair chloiche ná "Má bhíonn máistreacht agat ar bhallaí cloiche a thógáil, beidh tú in ann rud ar bith a dheisiú nó a thógáil agus pléisiúr a bhaint as. Ba chóir go mbainfeá pléisiúr as do chuid oibre".

Helmut Schieder

Is garraíodóir tírdhreacha é Helmut Schieder agus cónaí air san Ostair lena theaghlach. Is breá leis bheith ag obair leis an dúlra. Cuireann clocha agus plandaí faoi dhraíocht é agus is maith leis bheith ag obair le daoine. D'fhreastail sé ar an scoil gairneoireachta 'Gartenbauschule' in Langenlois. Oibríonn sé le printiseachtaí i gcleachtais ghairneoireachta éagsúla. Tá obair déanta aige le clocha nádúrtha i ndearadh gairdíní le blianta fada agus le ballaí cloiche iad féin le deich mbliana anuas. Tá sé dirithe go hiomlán ar bhallaí cloiche ó shin i leith. Ceann de na rudai iontacha a thit amach as an gceird ársa seo a chleachtadh, aithne a chur ar an oiread sin tógálaithe iontacha ballaí.

Louise Price

Thit Louise Price i ngrá le ceird na gcloch nuair a thug sí faoi theachín traidisiúnta a atógáil in 2011. Thosaigh sí Féile na gCloch Thir Chonaill in 2014, féile atá ag dul ó neart go neart agus atá cúig bliana ar an bhfód anois. Is stiúrthóir/bunaitheoir í le DSWAI agus an rúnaí reatha. Is stiúrthóir/rúnaí í le TISWA: The Irish Stone Worker's Alliance. Tá sí cáilithe sa mhínealain agus scríobhann sí blag 'limewindow'. Tá baint aici le tógáil ballaí cloiche ar mheánleibhéal agus líonraí a chruthú do mhná le go mbeidh siad páirteach ann. Tá naisc aici sa bhaile agus thar lear agus tá sí 100% tiomanta oidhreacht na hÉireann, atá ag dul in éag go tapa, a shábháil. As Béal Feirste í ó dhúchas agus i nDún na nGall a shocraigh sí síos.

Mario Tomasek

Breis is scór bliain ó shin a tháinig Mario Tomasek ar a spéis faoi leith i gceird na gcloch. Ó shin i leith, níor dhiúltaigh sé do sheans ar bith a chuid eolais a chur ar aghaidh chuig daoine eile. Tá 5 leabhar scríofa aige ar Phábháil Chloiche Nádúrtha agus ar uirlisí deartha agus moirtéir siuntála. Tá siad ar fáil ag www.pflastermeister.com. Chomh maith lena ghnó pábhála, thosaigh sé ag obair ina theagascóir san Eilvéis don IG-Naturstein agus sna blianta i ndiaidh tosú dó, thug sé eolas ar an seancheird sin ar ais chuig an Ostair. Faoi láthair tá sé ina bhall den Choimisiún don RVS 08.18.01 san Ostair, a rialálann na caighdeáin in earnáil na pábhála. Is sainfhinné é i gcóras dlí na hOstaire agus is teagascóir agus cainteoir díograiseach é.

Eoin Madigan

Is den séú glúin Saor Cloiche é Eoin Madigan agus cleachtóir aoil atá díograiseach faoinár n-oidhreacht thógtha a chaomhnú. Is Comhalta Ceirde William Morrisé de chuid Society for the Protection of Ancient Buildings (SPAB), ball coiste de chuid Building Limes Forum Ireland agus duine de bhunaitheoirí SPAB Ireland.

Neil Dwyer

Is Stiúrthóir é Neil Dwyer de chuid O'Dwyer Masonry, cuideachta ag a bhfuil speisialtóirí i saoirseacht chloiche agus i dtógáil cloiche odwyermasonry.ie/



Moltaí & Comhairle do Rannpháirtithe

Moltar do Rannpháirtithe an Chúrsa a bheith gléasta mar is cuí don cheardlann agus buataisí bairbín cruach, bróga láidre nó buataisí siúil, miotóga oibre a chaitheamh agus a bheith gléasta don aimsir. Ba chóir do sceitseálaithe buataisí nó bróga siúil, éadaí te agus éadaí báistí a chaitheamh.

Iompar chuig Inis Oírr

Ní mór do rannpháirtithe ceardlainne a mbealach taistil féin go hInis Oírr a chur in áirithe. Tá seirbhísí farantóireachta ar fáil ó Ros an Mhil, Co. na Gaillimhe agus ó Dhúlainn i gCo. an Chláir.

Báid Farantóireachta

Seo a leanas na sonraí teagmhála

Aran Island Ferries, Ros an Mhil

Fón +353(0)91 568903

www.aranislandferries.com

Bád Farantóireachta Dhúlainn

Fón +353(0) 65 707 5555

+353 (0) 65 707 1710

www.doolinferry.com

Ríomhphost: info@doolinferry.com

Lasmuigh d'uaireanta oibre: Liam @ 087 958 1465

Bád Farantóireachta Doolin 2 Aran

Fón +353 65 7075949

Fón Póca: +353 87 2453239

Ríomhphost: info@doolin2aranferries.ie

www.doolin2aranferries.com

Aerthaisteal

Is féidir eitilt go hInis Oírr ó Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe.

Aer Arann Islands

Fón +353(0)91 593034

www.aerarannislands.ie

Lóistín

Tabhair do d'aire le do thoil: Moltar duit do lóistín agus do thaisteal féin a chur in áirithe sula gcuirfidh tú an cúrsa seo in áirithe. Féach an liosta soláthraithe lóistín agus iompair. Déan do chuid socruithe féin maidir le béilí tráthnóna.

Leaba & Bricfeasta in Inis Oírr /

Bed & Breakfast in Inis Oírr

Baile an Fhormna / Formna Village

Caitriona Uí Chatháin

Teil: +353 (0)99 75090

Fáilte Ireland Approved

Máire Ní Fhlatharta

Teil: +353 (0)99 75083

Baile Thiar / West Village

South Aran House

Teil: +353 (0)99 75073

Fáilte Ireland Approved

Ostán Inis Oírr

Teil: +353 (0)99 75020

Fáilte Ireland Approved

Brú/Hostel

Teil: +353 (0)99 75024

Fáilte Ireland Approved

Máire Searraigh

Teil: +353 (0)99 75024

Máire Foley

Teil: +353 (0)99 75037

Barbara Uí Chonghaile

Teil: +353 (0)99 75025

Baile an Chaisleáin / Castle Village

Brid Póil

Teil: +353 (0)99 75019

Áine Uí Ghríofa

Teil: +353 (0)99 75983

Baile an tSéipéil / Chapel Village

Bernie Uí Dhonncha

Teil: +353 (0)99 75088

Pádraig Ó Donncha

Teil: +353 (0)99 75000

Baile an Lurgain / Lurgan Village

Tigh Ruairí Ó Conghaile

(Rory's B&B):

Teil: +353 (0)99 75002

www.tighruairi.com

Brid Brennan

Teil: +353 (0)99 75125

Féinfhreastal

Tá liosta iomlán roghanna féinfhreastail ag an nasc seo: <http://discoverinisoirr.com/accommodation/selfcatering/>

Béilí Tráthnóna

Is féidir Béilí Tráthnóna a chur in áirithe iontu seo a leanas:

Tigh Ruairí: Teil: +353 (0) 99 75002

www.tighruairi.com

South Aran House (áirithintí amháin)

Teil: +353 (0) 99 75073

www.southaran.com

Ostán Inis Oírr: Teil: +353 (0)99 75020

www.hotelinisoirr.com

Eolas faoi Inis Oírr agus na seirbhísí atá ar fáil ann

Teagmháil: Comhar Caomhán Teo, Inis Oírr, Árainn, Co. na Gaillimhe.

Teil: +353 (0)99 75008;

Facs: +353 (0)99 75071

Web: www.discoverinisoirr.com

Íocaíocht

Ní mór íocaíocht a fháil in Euro. Ba chóir seiceanna a bheith iníoctha le:
'Comhairle Chontae na Gaillimhe ~Ceardlann Ballaí Cloiche'

Cealú

Déanfar aisíocaíocht ar tháilli (lúide muirear riaracháin €20), ar an gcoinníoll go bhfaightear fógra ar chealú i scribhinn an 7ú Meán Fómhair 2018 nó roimhe. Ní dhéanfar aisíocaíochtaí i ndiaidh an dáta sin.

Fiosruithe

Marie Mannion

Oifigeach Oidhreachta,
Pleanáil Chun Cinn,
Áras an Chontae,
Comhairle Chontae na Gaillimhe,
Cnoc na Radharc, Gaillimh.
Teil: 00353 91 509198
Ríomhphost: mmannion@galwaycoco.ie
Nó

Gráinne Smyth / Martina Creaven

Pleanáil Chun Cinn,
Áras an Chontae,
Comhairle Chontae na Gaillimhe,
Cnoc na Radharc, Gaillimh.
Fón: 00353 91 509121/509017
Ríomhphost: gsmyth@galwaycoco.ie or mcreavan@galwaycoco.ie
Website: www.galway.ie

Cuid de Phlean Oidhreachta Chontae na Gaillimhe í seo

Féile
na gCloch
Inis Oírr
2018

discoverinisoirr.com



11

Foirm Chlárúcháin

Moltar duit cóip a dhéanamh den fhoirm seo le haghaidh do thaifead

Féile
na gCloch
Inis Oírr
2018

Comhlánaigh i mBLOCLITREACHA agus seol ar ais le d'íocaíocht chuig:

Ceardlann na gCloch 2018, f/ch Gráinne Smyth, Pleanáil Chun cinn, Áras an Chontae, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Cnoc na Radharc, Gaillimh, Éire.

Fón: +353(0) 91 509121 Ríomhphost: gsmlyth@galwaycoco.ie

Teideal: Céadainm: Sloinne:

Seoladh:

Fón: Ríomhphost: Táille Clárúcháin:

Cuir tic sa chiorcal cuí...

Ceardlann A ☐

Ballaí Cloiche a Dhéanamh

Táille Iomlán na Ceardlainne

Gach léacht, cur i láthair, tae/caife, agus lón ó Dé hAoine go dtí Dé Domhnaigh san áireamh €75

Táille ar Pháirt de Cheardlann

Dé hAoine Léachtaí/ ceardlann, tea/coffee & lunch €25
Dé Sathairn Ceardlann, tea/coffee & lunch €25
Sunday Ceardlann, tea/coffee & lunch €25

Iomlán: €

Ceardlann B ☐

Snoíodóireacht Chloiche

Gach léacht, cur i láthair, tae/caife, agus lón ó Dé hAoine go dtí Dé Domhnaigh san áireamh

NB: Spásanna teoranta don cheardlann seo. Níl Táille ar Pháirt de Cheardlann ar fáil. Ceardlann C Snoíodóireacht Litreacha

Gach léacht, cur i láthair, tae/caife, agus lón ó Dé hAoine go dtí Dé Domhnaigh san áireamh €100

Ceardlann C ☐

Snoíodóireacht Litreacha

Gach léacht, cur i láthair, tae/caife, agus lón ó Dé hAoine go dtí Dé Domhnaigh san áireamh

NB: Spásanna teoranta don cheardlann seo. Níl Táille ar Pháirt de Cheardlann ar fáil. Táille Iomlán na Ceardlainne: €100

Ceardlann D ☐

Sceitseáil ar an Láthair ~ Ag Cur Eolas ar Inis Oírr

Gach léacht, sceitseáil ar an láthair, tae/caife, agus lón ó Dé hAoine go dtí Dé Domhnaigh san áireamh

NB: Spásanna teoranta don cheardlann seo. Níl Táille ar Pháirt de Cheardlann ar fáil. Táille Iomlán na Ceardlainne: €75

Íocaíocht

Cuirim faoi iamh seic/dréacht bainc do € Euros) inioctha le: 'Ceardlann Cloiche Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2018' le seoladh chuig Ceardlann Chloiche, f/ch Gráinne Smyth, Pleanáil Chun Cinn, Áras an Chontae, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Cnoc na Radharc, Gaillimh, Éire.

Sinithe: Dáta:

Cár chuala tú faoin gcomhdháil seo?

Cuir tic sa chiorcal cuí...

Cor Poist ☐

Fógra ☐

Idirlíon ☐

Eile ☐

An fáth is mó a bhfuil tú ag freastal:

**Féile
na gCloch
Inis Oírr
2018**

Comhar Caomhán Teo

Is comharchumann forbartha pobail é Comhar Caomhán Teo atá ag feidhmiú ar Inis Oírr ó 1971. Tá ról lárnach ag an gComharchumann i bhforbairt an oileáin ~ idir forbairtí eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha. Tá ról ceannasaíoch ag Comhar Chaomhán Teo. i gcur chun cinn agus i mbainistiú áiseanna éagsúla ar an oileán. Tá ról láidir stocaireachta ag an gcomharchumann ag plé leis na ranna stáit éagsúla agus feidhmíonn an comharchumann mar bhrúgrúpa agus mar ghuth láidir do mhuintir an oileáin.

Tuilleadh eolais le fáil ar discoverinisoirr.com

Comhar Caomhán Teo

Comhar Caomhán Teo is a community development cooperative operating in Inis Oírr since 1971. It has a central role in the economic, social and cultural development of the island. Comhar Caomhán Teo has a leading role in developing and managing various facilities on the island. It has a vibrant role in dealing with various state departments and the cooperative acts as a voice and lobby group on behalf of the island community.

Further information at discoverinisoirr.com

Galway County Council

Galway County Council is responsible for the administrative area of County Galway, excluding Galway City. The Council is responsible for the planning, design and construction of roads, water supply schemes, drainage facilities, housing, fire stations, libraries and burial grounds. It is the custodian of the environment and through its planning and environment policies seeks to enhance the county while protecting its unique character and atmosphere. It also plays an active role in the development of the county's industrial, business, social, arts, heritage and cultural affairs.

Comhairle Chontae na Gaillimhe

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe freagrach as ceantar riaracháin Chontae na Gaillimhe, seachas ceantar Chathair na Gaillimhe. Tá an Chomhairle freagrach as pleanáil, dearadh agus tógáil bóithre, scéimeanna soláthar uisce, saoráidí draenála, tithíocht, stáisiúin dóiteáin, leabharlanna agus reiligi. Is caomhnóir an chomhshaoil i an Chomhairle agus déanann sí iarracht, trína polasaithe pleanála agus comhshaoil, feabhas a chur ar an gcontae chomh maith lena thréithe agus a atmaisféar uathúil a chosaint. Tá ról gníomhach aici chomh maith maidir le forbairt gnóthaí tionscail, gnó, sóisialacha, ealaíon, oidhreacht agus cultúir an chontae.

discoverinisoirr.com



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council



Cuid de Phlean Oidhreacht Chontae na Gaillimhe i seo